



AN COIMISIÚN EORPACH - PREASRÁITEAS

Ainmneacha na mbuaiteoirí i gComórtas an AE d'Aistritheoirí Óga fógartha

An Bhruiséil, an 3 Feabhra 2012 – Táthar tar éis ainmneacha na 27 buaiteoir i gcomórtas bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh d'Aistritheoirí Óga, ar a dtugtar 'Juvenes Translatores', a fhoilsiú inniú (féach an liosta iomlán thíos). Roghnaíodh buaiteoir ó gach tír san AE as measc níos mó ná 3 000 dalta meánscoile san iomlán a ghlac páirt sa chomórtas i mí na Samhna 2011. Tháinig méadú os cionn 400 ar líon na n-iarratasóirí i gcomparáid leis an mbliain seo caite, agus ba é sin an líon is mó iarratasóirí a ghlac páirt sa chomórtas ó cuireadh tús leis in 2007. Tabharfar cuireadh do na buaiteoirí chun na Bruiséile an 27 Márta chun a nduaiseanna a fháil agus chun bualadh le haistritheoirí atá ag obair sa Choimisiún.

“Spreagann an comórtas seo daltaí chun dul i ngleic le teangacha iasachta ar leibhéal níos airde agus chun smaoineamh ar a gcuid eolais ar theangacha a úsáid i bpé gairm a bheidh acu amach anseo, bíodh siad ina n-aistritheoirí nó ag obair in aon réimse gairmiúil eile ina bhfuil an t-ilteangachas ina bhuntáiste mór,” a dúirt Androulla Vassiliou, an Coimisinéir um Oideachas, Cultúr, Ilteangachas agus Óige. “Tugann an comórtas spreagadh freisin do scoileanna foghlaim óna chéile agus triail a bhaint as modhanna éagsúla chun teangacha a mhúineadh.”

Léiríonn na buaiteoirí ar fad go n-éireoidh go maith leat má tá eolas agat ar theangacha agus go nochtáíonn an t-eolas sin féidearthaí nua.

Mar shampla, bhí an buaiteoir ón nGearmáin ag iarraidh freastal ar scoil cheoil san Ungáir agus mar sin, chomh maith le barrfheabhas a chur ar a scileanna ar an bhfliúit agus ar an bpianó, bheartaigh sí an Ungáiris a fhoghlaim freisin. Scríobh an buaiteoir ón Rómáin páipéar faoin mbithfhisic a bhí bunaithe i bpáirt ar ábhar foinseach teicniúil i mBéarla a d'aistrigh sí í féin. Agus eolas aici ar an bhFraincis, ar an nGearmáinis, ar an Ollainnis, ar an mBéarla agus ar an Spáinnis, is fíorléiriú ar thraidisiún ilteangach a tíre an buaiteoir ó Lucsamburg.

D'aistrigh na hiomaitheoirí ar fad téacs aon leathanaigh amháin idir a rogha féin péire de na 506 péire teanga is féidir a roghnú as measc 23 teanga oifigiúil an AE. Cé gur roghnaigh go leor iomaitheoirí an Béarla mar theanga foinse, 148 péire teanga a úsáideadh san iomlán, an líon is mó péirí teanga a úsáideadh ó cuireadh tús leis an gcomórtas.

Ba é an obair dheonach téama théacsanna na bliana seo (chun Bliain Eorpach 2011 na hOibre Deonaí a chomóradh), ach bhain gach teist teanga le gnéithe éagsúla den ábhar: bhí an téacs Ollainnise dírithe, mar shampla, ar eaglais a athchóiriú sa Tuscáin; bhí an t-aistriúchán ón bhFraincis dírithe ar ghlanadh trána, bhí an téacs Polainnise dírithe ar bheith ag obair i scoil do pháistí beagdheise sa tSile. Is léir gur thug téama na hoibre deonaí inspioráid do roinnt de na déagóirí a ghlac páirt sa chomórtas i dtíortha éagsúla, ós rud é gur bheartaigh cuid acu clárú ina n-oibrithe deonacha leis an gCros Dhearg agus le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha eile tar éis an chomórtais.

Cúlra

Gach bliain eagraíonn Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh an comórtas 'Juvenes Translatores' ('aistritheoirí óga' sa Laidin). Tá sé oscailte do dhaltaí meánscoile 17 mbliana (i mbliana, daltaí a rugadh i 1994 a bhí páirteach) agus bíonn sé ar siúl ag an am céanna sna scoileanna ar fad a roghnaítear ar fud na hEorpa. Ritheadh an comórtas den chéad uair in 2007 mar threoirthionscadal chun blaiseadh a thabhairt do dhaoine óga de ghairm an aistritheora agus chun aird a tharraingt ar fhoghlaim teangacha ar scoil. Tá an comórtas tar éis cuid de na hiarratasóirí a spreagadh chun dul i mbun staidéir ar theangacha agus chun a bheith ina n-aistritheoirí.

D'ullmhaigh aistritheoirí an Choimisiúin na téacsanna don chomórtas chun a chinntiú go mbeadh siad chomh dúshlánach céanna ó thaobh na teanga de agus is iad a rinne an mharcáil freisin; cainteoirí dúchais a mheas na téacsanna a aistríodh go dtí a dteanga dhúchais féin.

Is iad seo a leanas **ainmneacha na mbuaiteoirí** (mar aon leis an bpéire teanga a roghnaigh siad) agus na scoileanna ar a bhfuil siad ag freastal:

TÍR	BUAITEOIR	SCOIL
An Ostair	Sophie Insulander (SV-DE ¹)	BG 13 Fichtnergasse, Wien
An Bheilg	Meriem Anciaux (EN-FR)	Collège Saint Michel, Gosselies
An Bhulgáir	Деница Марчевска (DE-BG)	Св.Константин-Кирил Философ, Русе
An Chipir	Ηλιána Χαντζηαντρέου (EN-EL)	Λύκειο Αρχ. Μακαρίου Γ΄ Δασούπολης, Στρόβολος – Λευκωσία
Poblacht na Seice	Michaela Krákorová (EN-CS)	Gymnázium, Brno-Řečkovice
An Danmhairg	Mikael Steffens Frisk (EN-DA)	Allerød Gymnasium, Lillerød
An Eastóin	Johanna Maarja Tiik (EN-ET)	Miina Härma Gümnaasium, Tartu
An Fhionlainn	Janne Suutarinen (EN-FI)	Joroisten lukio, Joroinen

¹ BG: an Bhulgáiris; ES: an Spáinnis; CS: an tSeicis; DA: an Danmhairgis; DE: an Ghearmáinis; ET: an Eastóinis; EL: an Ghréigis; EN: an Béarla; FR: an Fhraincis; GA: an Ghaeilge; IT: an Iodáilis; LV: an Laitvis; LT: an Liotuáinis; HU: an Ungáiris; MT: an Mháltais; NL: an Ollainnis; PL: an Pholainnis; PT: an Phortaingéilis; RO: an Rómáinis; SK: an tSlóvaicis; SL: an tSlóivéinis; FI: an Fhionlainnis; SV: an tSualainnis.

An Fhrainc	Gaëlle Daanen (ES-FR)	Lycée Emilie de Breteuil, Montigny le Bretonneux
An Ghearmáin	Sara Kredel (HU-DE)	Goethe-Gymnasium Bensheim, Bensheim
An Ghréig	Αριάδνη Τσιάκα (EN-EL)	Πέμπτο Γενικό Λύκειο Καρδίτσας, Καρδίτσα
An Ungáir	Simon Virág (EN-HU)	Neumann János Középiskola és Kollégium, Eger
Éire	Orla Patton (GA-EN)	Mainistir Loreto Deilginis, Deilginis, Contae Átha Cliath
An Iodáil	Francesco Masetto (DE-IT)	Liceo Classico Europeo annesso al Convitto Nazionale Umberto I, Torino
An Laitvia	Vineta Pilāte (EN-LV)	Dobeles Valsts ģimnāzija, Dobele
An Liotuáin	Lukas Šalaševičius (EN-LT)	Mažeikių Gabijos gimnazija, Mažeikiai
Lucsamburg	Alexandra Matz (EN-FR)	Ecole Privée Fieldgen
Málta	Natalia Grima (EN-MT)	De La Salle College, Birgu
An Ísiltír	Anne Moroux (FR-NL)	Gymnasium Haganum, Den Haag
An Pholainn	Dawid Dworak (EN-PL)	II LO im. Marii Skłodowskiej Curie, Końskie
An Phortaingéil	Margarida Sampaio (EN-PT)	Agrupamento de Escolas de Arganil, Arganil
An Rómáin	Anna Kiss (RO-HU)	Liceul Teoretic "Bolyai Farkas", Târgu-Mureș
An tSlóvaic	Martin Šrank (EN-SK)	Gymnázium Ivana Kupca, Hlohovec
An tSlóivéin	Nina Štefan (EN-SL)	Srednja šola Domžale, Domžale
An Spáinn	Isabel Suárez Lledó (EN-ES)	San José ss.cc, Sevilla
An tSualainn	Linnea Kjellberg (FR-SV)	Rosendalsgymnasiet, Uppsala
An Ríocht Aontaithe	Theodora Bradbury (DE-EN)	Kendrick School, Reading, Berkshire

Áiteanna dúchais na mbuaiteoirí:



Tuilleadh faisnéise:

Suíomh gréasáin an chomórtais: ec.europa.eu/translatores

Facebook: facebook.com/translatores

Twitter: [@translatores](https://twitter.com/translatores)

Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin: ec.europa.eu/dgs/translation

Suíomh gréasáin Androulla Vassiliou:

http://ec.europa.eu/commission_2010-2014/vassiliou/index_en.htm

Teagmhálacha:

[Dennis Abbott](#) (+32 2 295 92 58)

[Dina Avraam](#) (+32 2 295 96 67)